

Bileog 4.1

Cuir ceist ar an duine in aice leat cén post atá aige nó aici. Beidh sé/sí ag cur ceiste ortsa chomh maith. Féachaigí ar an chomhrá seo le cuidiú libh:



- Cén post atá agat?
- Is ailtire mé. Cén tslí bheatha atá agat féin?
- Is múinteoir mé.

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag cur na mboscaí ar dheis le chéile chun abairtí a chumadh. Sula ndéanann sibh é sin áfach, féachaigí ar na ceisteanna sa bhosca ar chlé mar réamhbair agus freagraigí iad.



1. Cad é an difríocht idir ‘bím’ agus ‘tá mé’?
2. *Táim i gceannas ar **ch**omhlacht.* Cén fáth ar athraigh an focal *comhlacht*? Cad é an t-athrú a leanann na réamhfhocail *ar, le* agus *as*?
3. *Ag plé leis an **h**pobal (**ph**obal).* Cén fáth ar athraigh an focal *pobal*? Cad iad na hathruithe a leanann *leis an, as an* agus *ar an*?

Bím
Tá mé

ag plé le
ag déileáil le
ag obair le
i gceannas ar
i dteagmháil le
freagrach as
ag deisiú
ag tógáil
ag scríobh chuig

carranna
ríomhairí
an pobal
foireann
comhlacht
polaiteoirí
cliaint
custaiméirí
páistí



Déan cur síos anois don duine in aice leat ar do chuid oibre féin, ag baint úsáide as na focail sna boscaí ar dheis.

Bileog 4.2

Féach féin agus an duine in aice leat ar an liosta focal seo ar dheis. Cuir tic ‘√’ leis na focail atá ar eolas agaibh, comhartha ceiste ‘?’ in aice leis na focail nach bhfuil sibh cinnte fúthu agus ‘x’ in aice leis na focail nach bhfuil ar eolas agaibh ar chor ar bith.

Breac síos aon phost eile gur féidir libh smaoiniamh air:

Féach ar dheireadh na bhfocal ar dheis. Cad a deir deirí na bhfocal faoin inscne? Pléigh leis an duine in aice leat.



An bhfuil sé tábhachtach inscne focal a bheith ar eolas agat le dul chun cinn a dhéanamh sa teanga?

Féach ar an bpatrún seo thíos agus ansin cuir an t-alt roimh na focail ar dheis. Nuair atá tú críochnaithe pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat.

Firinscneach	Baininscneach
an t-aisteoir	an iris
an múinteoir	an mháthair
an siúinéir	an tsráid

Ailtire
Búistéir
Cócaire
Comhairleoir
Dearthóir
Fear/bean dóiteáin
Fiaclóir
Glantóir
Gruagaire
Innealtóir
Iriseoir
Láithreoir
Leabharlannaí
Léachtóir
Leictreoir
Máinlia
Pluiméir
Polaiteoir
Tiománaí
Tógálaí
Tréidlia

Siúil timpeall an ranga anois agus labhair le cúigear eile faoin phost atá acu. Beidh daoine ag cur ceiste ortsa freisin faoi do phostsa – roghnaigh cibé post is maith leat!

Ainm an duine	Post an duine	Eolas breise

Bileog 4.3

Bíodh triúr agaibh ag obair le chéile i ngrúpa. Beidh sibh ag imirt cluiche ar nós '20 ceist' - míneoidh an múinteoir na rialacha daoibh. Seo thíos cuid de na ceisteanna agus freagraí a bheidh úsáideach le linn an chluiche:

An mbíonn tú ag plé leis an phobal?	Bím/Ní bhím
An mbíonn tú ag obair le páistí?	Bím/Ní bhím
An mbíonn tú ag obair taobh istigh?	Bím/Ní bhím
An gcaitheann tú éide?	Caithim/Ní chaithim
An mbíonn tú ag taisteal thar lear?	Bím/Ní bhím
An mbíonn tú ag obair Luan go hAoine?	Bím/Ní bhím

Seo sampla den cheist a chuirfeá agus tú cinnte go bhfuil a fhios agat cén post atá ag an duine:

An pluiméir tú?

Is ea/Ní hea



Féachaigí ar **Bhileog 4.1** agus **Bileog 4.2** le cuidiú libh chomh maith!

Cuir féin agus an duine in aice leat na focail/frásaí thíos a bhaineann le coinníollacha oibre in abairtí:

conradh
d'éirigh mé as

briseadh as mo phost mé
sealadach

taithí oibre
buan



Éist le Seán ag déanamh cur síos ar a phost agus breac síos aon eolas a chloiseann tú in aice leis na focail sa bhosca.

Déan liosta den chúig phost is fearr ar domhan i do thuairim agus labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an aontaíonn sé/sí.

Conradh: _____

D'éirigh mé as: _____

Taithí oibre: _____

Post buan: _____

Bileog 4.4

Féach ar an pháipéar samplach seo as scrúdú leibhéal A2. Bí ag obair leis an duine in aice leat chun na ceisteanna a fhreagairt.

Scrúdú Samplach Bonnleibhéal 2 (A2)

Léamhthuiscint 1

25% den scrúdú iomlán: (60 marc)

Críochnaigh an comhrá idir Síle agus Pól. Cuir an litir cheart (A-I) isteach i ngach bearna thíos chun an comhrá a chríochnú.

Síle: Cén tslí bheatha atá agat, a Phóil?

Pól: 1 (.....)

Síle: Agus an dtaitníonn an obair leat?

Pól: 2 (.....)

Síle: Cad faoi na daoine eile atá ag obair leat?

Pól: 3 (.....)

Síle: An bhfuil tú sásta leis an phá?

Pól: 4 (.....)

Síle: Cá bhfuil tú ag obair faoi láthair?

Pól: 5 (.....)

Síle: Agus cén fhad atá tú ag obair ansin?

Pól: 6 (.....)

- A. Bíonn sé an-chairdiúil i gcónaí.
- B. Is breá liom iad. Bíonn an-spórt againn uaireanta.
- C. Tá, agus bíonn sé seachtaine laethanta saoire agam gach bliain.
- D. Banaltra atá ann.
- E. Tá post buan agam san ospidéal i lár na cathrach.
- F. Timpeall dhá bhliain ó shin.
- G. Tá sé ceart go leor ach tá strus ag baint leis.
- H. Is dochtúir mé.
- I. Trí bliana nó mar sin.

Bileog 4.5

Seo thíos do dhialann oibre. Líon isteach cad é a dhéanann tú gach lá. Féach ar an stór focal faoi bhun an bhosca chun cabhrú leat agus bain úsáid as na focail ar **Bhileog 4.1** chomh maith. Ná déan dearmad gur féidir leat post a chumadh!

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
Ar maidin					
Am lóin					
Tráthnóna					

Bíonn cruinniú – cruinnithe agam maidin Dé Céadaoin de ghnáth.

↓

coinne – coinní cliant – cliaint othar – othair léacht – léachtaí rang – ranganna

↓

i gcónaí uaireanta corr uair anois is arís

Anois labhair leis an duine in aice leat agus cur ceist air/uirthi cad a dhéanann sé/sí gach lá ina c(h)uid oibre. Féach ar an chomhrá thíos le cuidiú leat:



- Cén tslí bheatha atá agat?
- Is bainisteoir i mbanc mé - cén post atá agat féin?
- Is meicneoir mé. Cad é a dhéanann tú ó lá go lá?
- Bíom ag obair Luan go hAoine gach lá óna naoi ar maidin go dtí a sé tráthnóna. Bíonn cruinnithe agam le cliaint de ghnáth gach maidin agus . . .

Bileog 4.6

Seo thíos samplaí de na coinníollacha oibre gur féidir a bheith ag duine. Ag obair leis an duine in aice leat smaoinígí ar fhocail ar bith eile gur féidir a chur leis an liosta seo.

ragobair	uaireanta oibre fada	uaireanta solúbtha
saoire bhliantúil	saoire mháithreachais	pinsean
tuarastal maith	áit oibre go deas	ardú céime

Anois, ag obair leis an duine in aice leat bíodh comhrá agaibh faoi bhur gcuid oibre arís ach an t-am seo labhraíge faoi choinníollacha oibre chomh maith.

Déan plé leis an duine in aice leat ar na rialacha a bhaineann leis an aimsir chaite.



Cad iad na haimsirí is tábhachtaí dar libh, agus duine ag foghlaim teanga ag na leibhéil éagsúla?



Cuir na briathra a leanas san aimsir chaite – cum ceist agus tabhair na freagraí gonta ar an gceist sin. Cad iad na briathra rialta sa liosta? Sampla:

Ar cheannaigh tú carr nua? Cheannaigh/Níor cheannaigh

Cuir: _____

Feic: _____

Faigh: _____

Téigh: _____

Tá: _____

Bí: _____

Éirigh: _____

Tosaigh: _____

Tabhair: _____

Bileog 4.7

Seo thíos píosa as sliocht a bhí ag Liz Curtis ar www.beo.ie faoi phoist éagsúla a bhí aici i mBéal Feirste. Léigh an sliocht os ard leis an duine in aice leat. Léifidh sibh abairt an duine, ag glacadh sealanna. Tá an ghluais ann le cuidiú libh.

Saol an rúnaí (Cuid 2)

Agus mé ag obair mar [rúnaí](#) sealadach, an chéad rud a dhéanaim nuair a théim go dtí jab nua ná fáil amach cén fáth a bhfuil an duine a bhíonn sa phost de ghnáth [as láthair](#). Ar an dóigh sin, thig leat fáil amach an bhfuil an jab go maith nó nach bhfuil.

Mar shampla, má tá an duine ar [shaoire mháithreachais](#) nó [saoire bhliantúil](#), seans maith go mbeidh tú sásta go leor. Ach má d'imigh an duine [go tobann](#) an lá roimhe sin, agus é nó í [ag screadach](#) nó ag caoineadh, agus má tá an deasc lán píosaí beaga [craptha](#) páipéir, seans maith go mbeidh [fadhbanna móra](#) romhat.



Sa chéad jab sealadach a fuair mé i mBéal Feirste, d'oibrigh mé mar fháilteoir in oifig [san earnáil](#)

Tá poist le fáil i mBéal Feirste

[phoiblí](#). Fuair mé amach go gasta go raibh an fáilteoir a bhíodh ann de ghnáth ar [shaoire tinnis](#) mar go raibh [taomanna driopáis](#) ag teacht uirthi. Nuair a chuala mé sin, thit mo chroí isteach i mo bhróga. Gan amhras, bheadh fadhbanna ann.

Gluais • Glossary

rúnaí	secretary
as láthair	absent
saoire mháithreachais	maternity leave
saoire bhliantúil	annual leave
go tobann	suddenly
ag screadach	screaming
craptha	crumpled
fadhbanna móra	big problems
san earnáil phoiblí	in the public sector
saoire tinnis	sick leave
taomanna driopáis	panic attacks

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan plé ar na ceisteanna seo le chéile:

Cad é an post is measa a bhí agat riamh?

Cad é an post is fearr a bhí agat riamh?

Bileog 4.8 Duine A

Féach ar na comhráite seo thíos:

- An bhfuil tú chun fanacht sa phost atá agat anois?
- Tá, tá mé an-sásta ann.
- An bhfuil tú chun fanacht sa phost atá agat anois?
- Níl mé cinnte. Ba mhaith liom athrú.

Anois éist le Pól ag caint le cara leis ar an tsráid faoina chuid oibre. Freagair na ceisteanna agus pléigh leis an duine in aice leat iad.

Cá bhfuil Pól ina chónaí?

Cén post atá aige?

An bhfuil sé chun fanacht sa phost sin?

Cén post ar mhaith leis?



Cuir an cheist ar an duine in aice leat:

An bhfuil tú chun fanacht sa phost atá agat anois?

-
1. Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Ná taispeáin an bhileog seo dó/di.
 2. Tá fógra poist agatsa agus tá fógra difriúil ag an duine in aice leat.
 3. Chuir an bheirt agaibh isteach ar na poist a chonaic sibh.
 4. Labhraígí le chéile anois agus aimsígí an oiread eolais agus is féidir faoin fhógra/agallamh a bhí ag an duine eile.
 5. Seo thíos an t-eolas atá fíor fútsa.
 - Chonaic tú an fógra ar an idirlíon.
 - Chuir tú isteach ar an phost.
 - Bhí agallamh agat - d'éirigh go maith leat ann.
 - Fuair tú an post.

AN CAIFE GLAS, AN CHULTÚRLANN

Scileanna cócaireachta.

Tá an *Caife Glas* ag lorg oibrí páirtaimseartha a bhfuil scileanna cócaireachta aige/aici. Scríobh chuig an bhainisteoir ag an seoladh seo: An Bainisteoir, *An Caife Glas*, An Chultúrlann, 216 Bóthar na bhFál, BT12 6AH.

Seo ceisteanna le cuidiú libh:

- Cén cineál poist a chonaic tú?
- Ar chuir tú isteach ar an phost? Chuir/Níor chuir.
- Cad é mar a d'éirigh leat san agallamh? D'éirigh go maith liom/Níor éirigh liom.

Bileog 4.8 Duine B

Féach ar na comhráite seo thíos:

- An bhfuil tú chun fanacht sa phost atá agat anois?
- Tá, tá mé an-sásta ann.
- An bhfuil tú chun fanacht sa phost atá agat anois?
- Níl mé cinnte. Ba mhaith liom athrú.

Anois éist le Pól ag caint le cara leis ar an tsráid faoina chuid oibre. Freagair na ceisteanna agus pléigh leis an duine in aice leat iad.

Cá bhfuil Pól ina chónaí?

Cén post atá aige?

An bhfuil sé chun fanacht sa phost sin?

Cén post ar mhaith leis?



Cuir an cheist ar an duine in aice leat:

An bhfuil tú chun fanacht sa phost atá agat anois?

-
1. Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Ná taispeáin an bhileog seo dó/di.
 2. Tá fógra poist agatsa agus tá fógra difriúil ag an duine in aice leat.
 3. Chuir an bheirt agaibh isteach ar na postanna a chonaic sibh.
 4. Labhraígí le chéile anois agus aimsígí an oiread eolais agus is féidir faoin fhógra/agallamh a bhí ag an duine eile.
 5. Seo thíos an t-eolas atá fíor fútsa.
 - Chonaic tú an fógra sa pháipéar.
 - Chuir tú isteach ar an phost.
 - Bhí agallamh agat - níor éirigh go maith leat ann.
 - Ní bhfuair tú an post.

NAÍ-IONAD AN TSLÉIBHE DHUIBH

Oibrí Naíonra

Folúntas oibrí Naíonra, 20 uair sa tseachtain. Post bliain go leith. Maoinithe ag an gCiste Luath-Óige. Seol litir & C.V. chuig: An Rúnaí, Naí-Ionad an tSléibhe Dhuibh, 10 Clós Whiterock, Bóthar Whiterock, Béal Feirste BT12 7RG.

Seo ceisteanna le cuidiú libh:

- Cén cineál poist a chonaic tú?
- Ar chuir tú isteach ar an phost? Chuir/Níor chuir.
- Cad é mar a d'éirigh leat san agallamh? D'éirigh go maith liom/Níor éirigh liom.